Minc agus an Tine

Seanscéal ó Bhundúchasaigh Mheiriceá

Leathanach bán

Minc agus an Tine

Seanscéal ó Bhundúchasaigh Mheiriceá

Oíche amháin, bhí máthair mhór agus a garmhac óg ina suí cois tine. Bhí an mháthair mhór ag insint scéil dá garmhac. Agus seo é an scéal.

I bhfad ó shin, bhí an mhuintir s'againne gan tine. Ní thiocfadh leo suí cois tine tráthnóna, agus ní thiocfadh leo a gcuid bia a dhéanamh réidh. Ainneoin go ndearna siad a ndícheall, ní thiocfadh leo tine a dhéanamh. Bhí a fhios acu go raibh an tine á coinneáil ag Taoiseach mór a bhí ina chónaí tamall fada síos an abhainn. Chonaic cuid de na hiascairí toit ag éirí as lóiste an Taoisigh.

San am sin, bhí gasúr ar an bhaile s'againne darbh ainm Minc. Tugadh Minc mar ainm air cionn is é a bheith gasta, cróga, cliste. Bhí Minc ina chónaí lena mháthair mhór i dteach cois na habhann.

"Caithfidh na daoine tine a fháil," arsa Minc lá amháin lena mháthair mhór. "Rachaidh mise a chéaslóireacht i mo churach síos an abhainn a fhad le lóiste an Taoisigh," ar seisean.

"Má théann tusa a fhad le lóiste an Taoisigh," arsa a mháthair mhór leis, "beidh mise leat."

Agus d'imigh Minc agus a mháthair mhór sa churach. Chéaslaigh Minc an curach síos an abhainn nó gur tháinig siad a fhad leis an áit a raibh an Taoiseach ina chónaí. Agus chuaigh Minc agus a mháthair mhór i bhfolach i measc na dtom. Agus nuair a d'éirigh sé dorcha, tháinig Minc go cúramach amach as na toim agus chuaigh sé a fhad le lóiste an Taoisigh. D'oscail sé doras agus d'amharc isteach. Bhí an Taoiseach agus a bhean ina gcodladh.
Ar an taobh thall den seomra bhí seanbhean ag bogadh cliabháin agus leanbh istigh ann. Bhí a fhios ag Minc gurb é seo leanbh an Taoisigh. Chonaic an tseanbhean Minc, ach sula dtiocfadh léi scairteadh ar an Taoiseach, labhair Minc léi,
"Codail, codail," ar seisean, "gabh a chodladh." Agus níorbh fhada go raibh an tseanbhean ina codladh.
I bhfaiteadh na súl, thóg Minc an leanbh amach as an chliabhán agus ar ais leis chuig a mháthair mhór.
"Tabhair thusa leat an leanbh," arsa Minc lena mháthair mhór, "agus gabh isteach sa churach. Caithfidh muid an baile a bhaint amach gan mhoill." Agus chuaigh Minc a chéaslóireacht sa churach suas an abhainn.
Ar an bhealach chun an bhaile dóibh, chuaigh siad thart le trí shráidbhaile. Gach uair a tháinig siad go dtí

sráidbhaile, dúirt Minc lena mháthair mhór,
"Bain liomóg as an leanbh le go gcaoinfidh sé!" Agus trí huaire, bhain an mháthair mhór liomóg as leanbh an Taoisigh agus thug air caoineadh. Sa deireadh, shroich siad an baile agus thug siad an leanbh isteach sa teach.
"Tiocfaidh an Taoiseach a iarraidh an linbh," arsa Minc lena mháthair mhór, "agus nuair a thiocfaidh sé, beidh hata cleití, hata fionnaidh, hata leathair agus hata coirte de dhíth orm." D'imigh máthair mhór Mhinc a chuardach na hataí.
Maidin lá arna mhárach, mhothaigh an Taoiseach agus a bhean go raibh an leanbh ar iarraidh. Bhí an cliabhán folamh agus an tseanbhean go fóill ina codladh. D'imigh an Taoiseach leis ina churach a chuardach an linbh. Chéaslaigh sé an churach suas an abhainn.
Nuair a tháinig sé go dtí an chéad sráidbhaile, labhair an Taoiseach leis na daoine a bhí ansin,
"Mise an Taoiseach," ar seisean. "An bhfaca sibh mo leanbh?"
"Chuaigh curach Mhinc an bealach seo aréir," ar siadsan, "agus chuala muid leanbh ag caoineadh agus an churach ag dul thart."

Nuair a tháinig sé go dtí an dara sráidbhaile, labhair an Taoiseach leis na daoine ansin, "Mise an Taoiseach," ar seisean. "An bhfaca sibh mo leanbh?"
"Chuaigh curach Mhinc an bealach seo aréir," arsa fear acu, "agus chuala muid leanbh ag caoineadh agus an churach ag dul thart."
Nuair a tháinig sé go dtí an tríú sráidbhaile, labhair an Taoiseach leis an scaifte, "Mise an Taoiseach," ar seisean. "An bhfaca sibh mo leanbh?"
"Chuaigh curach Mhinc an bealach seo aréir," a dúirt siad, "agus chuala muid leanbh ag caoineadh agus an churach ag dul thart."
Agus chéaslaigh an Taoiseach a churach nó gur tháinig sé go dtí an áit a raibh Minc ina chónaí lena mháthair mhór. Shiúil sé suas a fhad leis an teach.
Chonaic Minc an Taoiseach ag teacht agus, i bhfaiteadh na súl, chuir sé air an hata cleití. Rith sé amach ar an doras agus rinne sé damhsa os comhair an tí agus an Taoiseach ag amharc air. Agus, sula raibh faill chainte ag an Taoiseach, chuaigh sé isteach sa teach arís.
Chaith Minc de an hata cleití agus bhuail sé an hata fionnaidh ar a chloigeann. Rith sé amach ar an doras agus rinne sé damhsa os comhair an tí agus an Taoiseach ag

amharc air. Agus, sula raibh faill chainte ag an Taoiseach, chuaigh sé isteach sa teach arís.

Chaith Minc de an hata fionnaidh agus bhuail sé an hata leathair ar a chloigeann. Rith sé amach ar an doras agus rinne sé damhsa os comhair an tí agus an Taoiseach ag amharc air. Agus, sula raibh faill chainte ag an Taoiseach, chuaigh sé isteach sa teach arís.

Chaith Minc de an hata leathair agus bhuail sé an hata coirte ar a chloigeann. Rith sé amach ar an doras agus rinne sé damhsa os comhair an tí agus an Taoiseach ag amharc air. Agus, sula raibh faill chainte ag an Taoiseach, chuaigh sé isteach sa teach arís.

Chaith sé de an hata coirte. Thóg sé leis leanbh an Taoisigh, agus rith amach ar dhoras tosaigh an tí. Sheas sé ansin agus an Taoiseach ag amharc air.

"Mise Minc!" a scairt sé leis an Taoiseach. "Taispeáin dom an dóigh le tine a dhéanamh agus beidh do leanbh ar ais agat."

Bhí eagla ar an Taoiseach an leanbh a sciobadh leis nó shíl sé go raibh an teach lán daoine.

"Liomsa an rún sin," ar seisean le Minc, "agus ní ligfidh mé leat é. Tabhair dom mo leanbh agus tabharfaidh mé duit an churach is fearr agam."

"Ná bac leis an churach is fearr aige," arsa an mháthair mhór.
"Ní hí an churach is fearr agat atá de dhíth orm," arsa Minc, "ach an dóigh le tine a dhéanamh. Inis dom sin agus beidh an leanbh ar ais agat."
"Liomsa an rún sin," arsa an Taoiseach, "agus ní inseoidh mé duit é. Tabhair dom an leanbh ar ais agus tabharfaidh mé duit mo phlátaí umha."
"Ná bac lena phlátaí umha," arsa an mháthair mhór.
"Ní hiad do phlátaí umha atá de dhíth orm," arsa Minc, "ach an dóigh le tine a dhéanamh. Agus ní bhfaighidh tú ar ais do leanbh go dtí go n-inseoidh tú sin dom."
Agus d'aithin an Taoiseach go gcaithfeadh sé an rún a scaoileadh le Minc.
"Tabhair dom mo leanbh," ar seisean le Minc, "agus tabharfaidh mé duit mo bhataí tine."
"Glac uaidh a bhataí tine," arsa máthair mhór Mhinc.
"Glacfaidh," arsa Minc. "Glacfaidh mé uait do bhataí tine ach taispeáin thusa dom an dóigh lena n-úsáid."
Tharraing an Taoiseach dhá bhata tine amach as faoina fhallaing. "Seo é mo rún," ar seisean, agus thaispeáin sé do Mhinc an dóigh le drithleog a dhéanamh agus an dóigh le tine a dhéanamh den drithleog. Ansin, thug

sé leis an leanbh agus chuaigh ar ais chun a lóiste le tuilleadh bataí tine a dhéanamh.

Chuaigh Minc i gceann oibre leis na bataí agus rinne sé craos mór tine. Thosaigh a mháthair mhór a bhualadh bos agus rinne sí damhsa thart ar an tine.

"Anois, thig linn suí cois tine tráthnóna," ar sise, "agus ár gcuid bia a dhéanamh réidh."

Tháinig muintir uilig an bhaile amach agus rinne siad damhsa thart ar an tine. Bhuail siad na bosa agus dúirt, "Minc a thug an tine don bhaile seo! Minc gasta, cróga, cliste!"

Bhuail an garmhac a bhosa ar a chéile agus dhamhsaigh sé thart ar an tine.

"Amharc ormsa!" ar seisean lena mháthair mhór. "Mise Minc! Nach mé atá gasta, cróga, cliste!"

Leathanach bán

© CCEA 2022

Arna chéad fhoilsiú ag Bunscoil Phobal Feirste 1991

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM, EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
Tel: +44(0)28 9026 1200 Email: info@ccea.org.uk
Web: www.ccea.org.uk

Rewarding Learning